Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15818/22**

**CORDROGUE 83**
**SAN 655**
**COHOM 154**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Nollaig 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15227/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i mbeartais drugaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i mbeartais drugaí, a d’fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3920ú cruinniú a bhí aici an 8 Nollaig 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i mbeartais drugaí**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil sé d'aidhm ag Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh dea-bhail na sochaí agus an duine aonair a chosaint agus a fheabhsú, an tsláinte phoiblí a chosaint agus a chur chun cinn, ardleibhéal slándála agus dea-bhail a thabhairt don phobal i gcoitinne agus an litearthacht sláinte a mhéadú[1]; go bhfuil sí bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le rialú drugaí atá mar chreat dlíthiúil idirnáisiúnta an chórais dhomhanda maidir le rialú drugaí, chomh maith leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine;

A MHEAHRÚ DI gealltanas an Aontais i Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta a neartú le tríú tíortha, réigiúin, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, agus ar an leibhéal iltaobhach, chun cur chuige agus cuspóirí na Straitéise a shaothrú, lena n-áirítear i réimse na forbartha, agus chun feabhas a chur ar ról an Aontais mar bhróicéir domhanda do bheartas drugaí atá dírithe ar dhaoine agus ar chearta an duine;

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil sé d'aidhm ag Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh rannchuidiú le laghdú ar éileamh drugaí agus ar sholáthar drugaí, agus aghaidh a thabhairt ar an dochar a bhaineann le drugaí le cur chuige fianaise-bhunaithe, comhtháite, ildisciplíneach agus cothrom lena n-ionchorpraítear gné an chomhionannais inscne agus an chothromais sláinte[2];

Á MHEABHRÚ DI 'Doiciméad Toraidh ón Seisiún Speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2016 maidir le fadhb dhomhanda na ndrugaí' ina moltar dea-bhail na sochaí ina hiomláine a chur chun cinn trí straitéisí éifeachtacha eolaíocha fianaise-bhunaithe maidir le cosc a fhorbairt atá saincheaptha do riachtanais daoine aonair, teaghlach agus pobal mar chuid de bheartais náisiúnta chuimsitheacha chothromaithe maidir le drugaí, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach[3];

---

[1] Aidhm, boinn agus cur chuige Straitéis drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025

[2] Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh, Réamhrá, mír 8 agus mír 2

[3] Doiciméad Toraidh ón Seisiún Speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le fadhb dhomhanda na ndrugaí, Mí-úsáid drugaí a chosc, mír (d)

Á MEABHRÚ DI Rún 37/42 ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine[4] an 23 Márta 2018 maidir le rannchuidiú le cur chun feidhme an ghealltanais chomhpháirtigh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda na ndrugaí agus chun í a chomhrac ar bhealach éifeachtach i ndáil le cearta an duine, a aithníonn an luach a bhaineann le hidirghabhálacha beartais atá cuimsitheach agus cothrom, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le slite beatha inbhuanaithe agus inmharthana a chur chun cinn;

Á MHEABHRÚ DI gur cearta uilíocha, doshannta, doroinnte, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta an duine, lena n-áirítear i gcomhthéacs an bheartais drugaí, an chúnaimh forbartha, an chúraim sláinte agus an cheartais choiriúil;

Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhforbairt mhalartach, inar díol sásaimh di príomhról an Aontais agus a Bhallstát i dtaca leis an bhforbairt mhalartach a thabhairt ar comhréir le hidirghabhálacha a bhaineann le beartas forbairtlárnach drugaí agus le straitéisí uilechuimsitheacha forbartha agus beartais earnála, amhail cur chun cinn chearta an duine i mbeartais drugaí; maolú na bochtaineachta; an fhorbairt tuaithe agus an tslándáil bia; rochtain ar thalamh agus ar chearta talún; cosaint an chomhshaoil agus an t-athrú aeráide; réiteach síochánta ar choinbhleachtaí armtha, agus an tslándáil; cur chun cinn an smachta reachta agus an dea-rialachais; cur chun cinn an chomhionannais inscne[5];

Á MHEABHRÚ DI gur cheart, trí bhearta a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach, éifeachtach agus éifeachtúil, ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine, don cobhsaíocht shóisialta agus don tslándáil, agus rannchuidiú le múscailt feasachta. Ba cheart aon iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a laghdú - ba cheart seasamh le cearta an duine agus ba cheart an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn[6];

---

4 https://ap.ohchr.org/documents/dpage_e.aspx?si=A/HRC/RES/37/42

5 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhForbairt Mhalartach: 'Ionsar nua-thuiscint ar an bhforbairt mhalartach agus ar idirghabhálacha gaolmhara a bhaineann le beartas forbairtlárnach drugaí – rannchuidiú le cur chun feidhme UNGASS 2016 agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe', 14338/18

6 Straitéis drugaí an Aontais Eorpaigh, Réamhrá, mír 3

Á CHUR I DTREIS DI gur gheall na Stáit is Páirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh gach beart iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear bearta reachtacha, riaracháin, sóisialta agus oideachais, chun leanaí a chosaint ar úsáid drugaí, agus chun cosc a chur ar leanaí a úsáid i dtáirgeadh agus i ngáinneáil na substaintí sin[7];

Á AITHINT DI nach mór aghaidh a thabhairt ar an stiogmatú a bhaineann le húsáid drugaí agus le neamhoird úsáide drugaí, go háirithe ós rud é go bhféadfaí drochthionchar a bheith ag an stiogma sin ar mheabhairshláinte agus ar shláinte coirp na ndaoine a úsáideann drugaí, go háirithe i gcás na ndaoine sin atá i staideanna leochaileacha agus imeallaithe, agus go bhféadfadh sé nach lorgóidís tacaíocht mar gheall ar an stiogma sin[8];

Á AITHINT DI go n-éilítear, le nádúr ilghnéitheach fheiniméan na ndrugaí, cur chuige cuimsitheach lena n-ionchorpraítear gné inscne agus aoise agus lena gcuirtear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú daoine i staideanna leochaileacha agus imeallaithe araon chun cinn[9];

Á MEABHRÚ DI gur gá infhaighteacht, inrochtaineacht agus cumhdach seirbhísí laghdaithe riosca agus dochair a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear dea-chleachtais atá bunaithe ar fhianaise, arna dtreorú ag na híoschaighdeáin cháilíochta le haghaidh idirghabhálacha chun an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú i mBallstáit an Aontais, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta[10];

Á ATHDHEARBHÚ DI prionsabal an leanúnachais cúraim le linn imeachtaí ceartais choiriúil, agus a thábhachtaí atá sé raon leathan seirbhísí drugaí deonacha agus fianaise-bhunaithe a thairiscint do dhaoine a bhfuil neamhoird úsáide substaintí acu, lena n-áirítear cúram, cóireáil, laghdú riosca agus díobhála, bunaithe ar thoiliú feasach agus á mbainistiú ag gairmithe sláinte, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta[11];

---

7 Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, Airteagal 33

8 Straitéis drugaí an Aontais Eorpaigh, Tosaíocht Straitéiseach 6.4

9 Comhsheasamh chóras na Náisiún Aontaithe lena dtacaítear le cur chun feidhme an bheartais idirnáisiúnta um rialú drugaí trí chomhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta - Prionsabail chomhroinnte

10 Straitéis drugaí an Aontais Eorpaigh, Tosaíochtaí Straitéiseacha 7.1 agus 7.2; *Council Recommendation of 18 June 2003 on the prevention and reduction of health-related harm associated with drug dependence* [Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 maidir le díobháil, i ndáil leis an tsláinte, a bhaineann le spleáchas ar dhrugaí, a chosc agus a laghdú] (2003/488/CE)

11 Cumhdaítear prionsabal an leanúnachais cúraim sna conclúidí ón gComhairle maidir le roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha do chiontóirí a úsáideann drugaí; tá an gá le toiliú feasach agus rannpháirtíocht gairmithe sláinte le feiceáil sna Treoirlínte Idirnáisiúnta, chomh maith le tuarascáil WGAD maidir le beartais drugaí.

Á AITHINT DI gur bagairt í an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí do shláinte, do shábháilteacht agus do cháilíocht saoil shaoránaigh an Aontais, agus do gheilleagar dleathach, do chobhsaíocht agus do shlándáil Bhallstáit an Aontais;

Á AITHINT DI freisin na hiarrachtaí comhoibríocha atá á ndéanamh ag Ballstáit an Aontais agus, de réir a n-inniúlachtaí, ag an gCoimisiún agus ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais chun an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí a chomhrac agus chun margaí drugaí aindleathacha a shrianadh;

Á CHUR I dTREIS DI gur gá coireacht a bhaineann le drugaí a chosc agus béim ar leith á leagan ar an ngá atá ann an foréigean, an gháinneáil, an t-éilliú agus dúshaothrú daoine, go háirithe grúpaí leochaileacha, a chomhrac trí aghaidh a thabhairt ar na fachtóirí bunúsacha is cúis lena rannpháirtíocht i margaí drugaí aindleathacha;

Á MEABHRÚ DI prionsabail an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, lena n-áirítear prionsabail na dlíthiúlachta, agus na comhréireachta idir cionta coiriúla agus pionóis;

Á MHEABHRÚ DI Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí;

Pionós an bháis, maruithe seachbhreithiúnacha agus coinneáil threallach a cháineadh, lena n-áirítear i gcás cionta a bhaineann le drugaí i roinnt tíortha ar domhan;

Á AITHINT DI go bhféadfaidh Stáit, faoi choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le rialú drugaí, breithniú a dhéanamh ar bhearta malartacha, neamhchoinneála do dhaoine a gcuirtear mionchionta neamhfhoréigneacha a bhaineann le drugaí ina leith, agus go bhféadfaidh siad, i gcomhréir le córais náisiúnta, bhunreachtúla, dhlíthiúla agus riaracháin, roghanna malartacha nó bearta breise a sholáthar maidir le ciontú nó pionós[12];

12 Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha (1988), Airteagal 3(4c)

Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle in 2018 maidir le roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha, ina gCUIRTEAR I bhFÁTH gur gá do na Ballstáit bearta eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla, le haghaidh ciontóirí úsáidte drugaí chun an choireacht a chosc, an t-atitimeachas a laghdú, a éifeachtúla agus a éifeachtaí agus atá an córas ceartais choiriúil a fheabhsú agus, ag an am céanna, go mbreathnóidís ar laghdú ionchasach a dhéanamh ar dhíobhálacha a bhaineann le sláinte agus ar íoslaghdú a dhéanamh ar rioscaí sóisialta[13];

Á AITHINT DI gurb amhlaidh, i gcomhréir leis na Conclúidí ó 2018 maidir le roghanna malartacha ar smachtbhannaí comhéigneacha a fhorchur ar chiontóirí úsáide drugaí, leis an téarma, 'roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha', a d'fhéadfaí, de réir reachtaíocht náisiúnta de chuid Bhallstát an Aontais, a bheith ag tagairt do roghanna eile a úsáidtear in ionad nó i dteannta na mbeart ceartais choiriúil traidisiúnta do chiontóirí úsáidte drugaí nó de bhreis ar na bearta sin;

Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI gur cheart do na Ballstáit, mar thoradh ar chreataí agus riachtanais dlí éagsúla, glacadh agus cur chun feidhme beart malartach seachas smachtbhannaí comhéigneacha a chur in oiriúint de réir a réaltachtaí agus de réir reachtaíochtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta;

Á AITHINT DI an obair atá á déanamh faoi láthair ag an gCoimisiún Eorpach, dá bhforáiltear le Plean Gníomhaíochta 2021-2025 an Aontais maidir le Drugaí, chun a mholadh go ndéanfaí infhaighteacht, cur chun feidhme éifeachtach, faireachán agus meastóireacht ar bhearta a mhéadú dá bhforáiltear in ionad smachtbhannaí comhéigneacha do chiontóirí úsáide drugaí i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát;

Á MEABHRÚ DI Doiciméad Toraidh Sheisiún Speisialta Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2016, lena moltar go ndéanfaí, agus aird chuí á tabhairt ar chórais náisiúnta, bhunreachtúla, dhlíthiúla agus riaracháin, bearta malartacha nó bearta breise a fhorbairt agus a chur chun feidhme seachas ciontú nó pionós i gcásanna de chineál iomchuí, i gcomhréir leis na trí choinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le rialú drugaí, chomh maith le freagairtí comhréireacha a chur chun cinn[14];

---

13 Conclúidí ón gComhairle maidir le roghanna eile, seachas smachtbhannaí comhéigneacha, a chur chun cinn i gcás ciontóirí úsáidte drugaí. 2018, lch. 5

14 Doiciméad Toraidh an tSeisiúin Urghnách de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le Fadhb Dhomhanda na nDrugaí (2016), míreanna 4(j) agus 4(l)

Á THABHAIRT DÁ hAIRE freisin go n-aithnítear leis an gcomhsheasamh ó chóras na Náisiún Aontaithe maidir le beartas drugaí go gceadaítear le coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le rialú drugaí do thíortha beartais náisiúnta drugaí a dhearadh agus a chur chun feidhme de réir a dtosaíochtaí agus a riachtanas, i gcomhréir le prionsabal na freagrachta comhchoitinne agus comhroinnte agus leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme[15];

Á AITHINT DI gur gá rannpháirtíocht agus rannpháirteachas gníomhach fhóinteach na sochaí sibhialta a chur chun cinn agus a spreagadh, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, daoine óga, daoine a úsáideann drugaí, daoine atá ag téarnamh, úsáideoirí seirbhísí sláinte agus sóisialta a bhaineann le drugaí, an pobal eolaíochta, an saol acadúil agus saineolaithe eile, i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartas drugaí[16];

Á AITHINT DI gur gá aon choinbhleachtaí leasa a sheachaint maidir le beartais drugaí a chumadh agus a chur chun feidhme agus a áirithiú nach mbeidh tionchar ag leasanna tráchtála míchuí orthu, agus go dtabharfar aghaidh ar aon choinbhleachtaí leasa i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta atá i bhfeidhm;

Á AITHINT DI go bhfuil sé faoi inniúlacht na mBallstát beartais ceartais choiriúil náisiúnta agus dlíthe coiriúla náisiúnta, maidir le sainiú cionta drugaí agus smachtbhannaí, a fhorbairt agus a ghlacadh agus, ag an am ceanna, Á MEABHRÚ DI gurb amhlaidh, de réir Airteagal 168 CFAE, go gcomhlánóidh an tAontas gníomhaíocht na mBallstát chun dochar don tsláinte a bhaineann le drugaí a laghdú, lena n-áirítear faisnéis agus cosc;

1. IARRANN SÍ ar Bhallstáit an Aontais tuilleadh tacaíochta a thabhairt d’fhorbairt agus do chur chun feidhme beartas agus idirghabhálacha fianaisebhunaithe lena gcuirtear cearta an duine i gcroílár na bhfreagairtí ar dhrugaí, agus, ag an am céanna, an choireacht a chomhrac agus an tsábháilteacht agus an tslándáil phoiblí, slite beatha inbhuanaithe agus inmharthana agus sláinte daoine aonair, teaglaigh agus pobail ar fud an Aontais á n-áirithiú;

---

15 Comhsheasamh ó chóras na Náisiún Aontaithe lena dtacaítear le cur chun feidhme an bheartais idirnáisiúnta um rialú drugaí trí chomhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta , 2018, lch. 12; Rún CND 62/8.

16 Arna forbairt bunaithe ar Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025, Tosaíocht Straitéiseach 7.3

2. Á IARRAIDH ar Bhallstáit an Aontais beartais drugaí a chur chun cinn a thuilleadh a chloíonn le cearta an duine, aghaidh a thabhairt ar idirdhealú, agus an stiogma maidir le daoine a úsáideann drugaí a laghdú, d'fhonn rochtain dheonach ar sheirbhísí a áirithiú, lena n-áirítear cosc, cláir scileanna beatha atá bunaithe ar fhianaise, laghdú riosca agus dochair, luathbhrath agus idirghabháil, comhairleoireacht, cóireáil, athshlánú, ath-lánpháirtiú sóisialta agus téarnamh daoine a úsáideann drugaí, chomh maith le cóireáil comhghalrachtaí a bhaineann le drugaí;

3. MOLANN SÍ do Bhallstáit an Aontais bearta atá iomchuí ó thaobh inscne agus aois agus bearta lena léirítear riachtanais shonracha leanaí agus daoine óga mná agus daoine i gcásanna imeallaithe agus leochaileacha a chur chun cinn a thuilleadh laistigh dá mbeartais drugaí;

4. MOLANN SÍ do Bhallstáit an Aontais aird ar leith a thabhairt ar chearta an linbh a chosaint, lena n-áirítear ar leanaí a chosaint ar úsáid drugaí agus ar dhúshaothrú leanaí i dtáirgeadh agus i ngáinneáil aindleathach drugaí a chosc;

5. MOLANN SÍ do Bhallstáit an Aontais a áirithiú go mbeidh rochtain dheonach ag daoine sa chóras ceartais choiriúil, lena n-áirítear iad siúd atá faoi réir roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha, ar sheirbhísí drugaí fianaise-bhunaithe atá neamh-idirdhealaitheach agus iomchuí ó thaobh inscne agus aoise agus atá bunaithe ar a riachtanais agus ar a dtoiliú feasach;

6. IARRANN SÍ ar Bhallstáit an Aontais, i gcás inarb iomchuí, tacú le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas gníomhach fóinteach an phobail eolaíochta agus phobal na saineolaithe, na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, daoine óga, mná agus daoine a úsáideann drugaí i mbeartais drugaí;

7. MOLANN SÍ do Bhallstáit an Aontais agus, de réir a n-inniúlachtaí, do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais an comhar idirnáisiúnta a neartú agus an cur chuige cothrom atá bunaithe ar chearta an duine agus agus ar fhianaise a phríomhshruthú, lena n-áirítear i gcláir forbartha maidir le beartais drugaí, agus comhlíonadh iomlán an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn, lena n-áirítear prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe;

8. MOLANN SÍ DO do Bhallstáit an Aontais, do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais a áirithiú go gcloíonn bearta beartais drugaí atá dírithe ar fhorbairt, lena n-áirítear forbairt mhalartach, le prionsabail na neamhchoinníollachta, an neamh-idirdhealaithe, agus an tseicheamhaithe chuí, go gcuirtear comhionannas inscne chun cinn leo, agus go n-áirithítear leo úinéireacht i measc na spriocphobal leo;

9. MOLANN SÍ do Bhallstáit an Aontais agus, de réir a n-inniúlachtaí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais cur go láidir i gcoinne pionóis dhíréireacha agus mhídhaonna a fhorchur ar chionta a bhaineann le drugaí, amhail pionós an bháis, maruithe seachbhreithiúnacha agus coinneáil threallach;

10. MOLANN SÍ do Bhallstáit an Aontais, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta agus faoi chuimsiú choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le rialú drugaí agus dhlí an Aontais, féachaint a thuilleadh ar dhea-chleachtais atá bunaithe ar fhianaise agus ar chuir chuige nuálacha lena laghdaítear stiogma agus idirdhealú daoine a úsáideann drugaí;

11. IARRANN SÍ ar Bhallstáit an Aontais agus, de réir a n-inniúlachtaí, ar an gCoimisiún agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le tionchar chur chun feidhme na bhfreagairtí ceartais choiriúil a bhaineann le drugaí agus roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha ar dhaoine a úsáideann drugaí, go háirithe iad siúd i gcásanna imeallaithe agus leochaileacha;

12. IARRANN SÍ ar Bhallstáit an Aontais, agus, de réir a n-inniúlachtaí, ar chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais faisnéis a scaipeadh agus dea-chleachtais a mhalartú maidir leis an gcur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun feidhme agus a fhorbairt i mbeartais agus i gcuir chuige maidir le drugaí chun an stiogma agus an t-idirdhealú a laghdú, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais;

13. IARRANN SÍ ar Bhallstáit an Aontais, ar an gCoimisiún agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais machnamh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach agus i ndáil leis na sonraí atá ar fáil, ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus meastóireacht á déanamh ar bheartais drugaí.